# Tú féin a ullmhú le haghaidh do thástáil tiomána

## Leabhrán eolais



RSA

# An chúis atá leis an tástáil tiomána

## Déanann an tástáil tiomána a sheiceáil an bhfuil tú oilte mar is ceart agus réidh le tiomáint go sábháilte leat féin ar bhóithre poiblí.

Maireann an tástáil idir 50 agus 100 nóiméad ag brath ar chatagóir na tástála. Tá meascán ann de cheisteanna le do heolas a thástáil agus tástáil phraiticiúil ar do scileanna agus feasacht tiomána.

Déantar na rudaí seo a sheiceáil:


- An méid atá ar eolas agat faoi Rialacha an Bhóthair, comharthaí bóthair, ródacmhainneacht agus cothabháil bhunúsach feithicle, rialtáin feithicle agus tuilleadh
- An cumas atá ionat baol a aithint agus gníomhú dá réir
- An fheasacht atá agat ar ghuaiseacha
- Do chuid eolais ar iompar maith tiománaithe agus an tslí a gcuireann tú sin i bhfeidhm
- An cumas atá ionat feithicil a thiomáint go sábháilte agus go cumasach faoi choinníollacha éagsúla bóthair agus tráchta.



# Sula gcuirfidh tú do thástáil in áirithe

**An riail sé mhí d'fhoghlaimeoirí cairr agus gluaisrothair**

Sula mbeidh tú in ann do thástáil tiomána a dhéanamh, is gá do chéad chead foghlaimeora a bheith agat le sé mhí ar a laghad. Tugtar an riail sé mhí ar an riachtanas sin. Is amhlaidh sin le go leor ama a thabhairt duit cleachtadh a dhéanamh ar an tiomáint shábháilte agus d'oiliúint tiomána a chur i gcrích le teagascóir faofa.




**Eisceachtaí ón riail sé mhí**

Ní fhéadfaidh tú a bheith díolmhaithe ón riail sé mhí ach amháin faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Má bhíonn ceadúnas tiomána reatha iomlán bailí eachtrannach agat ó thír nach bhfuil comhaontú malartaithe ceadúnas ann idir Éirinn agus an tír sin
- Más é go bhfuil do cheadúnas tiomána iomlán eachtrannach agat le dhá bhliain ar a laghad
- Murar imigh do cheadúnas tiomána iomlán eachtrannach i léig níos mó ná sé mhí ó shin

Má tá na coinníollacha sin á gcomhlíonadh agat agus más mian leat iarratas a chur isteach, is féidir leat foirm iarratais ar dhíolúine a íoslódáil ó www.rsa.ie

# Do chead foghlaimeora cairr

Cuireann cead foghlaimeora ar do chumas a bheith ag tiomáint ar gach bóthar poiblí, ach amháin mótarbhealaí, le foghlaim cén tslí carr a thiomáint, nuair atá duine eile in éineacht leat a bhfuil ceadúnas tiomána iomlán bailí sa chatagóir chéanna aige nó aici le níos mó ná dhá bhliain, agus ní gan an duine sin.

**Rialacha agus srianta**

Tá na rialacha agus na srianta seo a leanas i bhfeidhm ar dhaoine a bhfuil cead foghlaimeora cairr acu:

- Ní mór duit cead foghlaimeora bailí a bheith agat agus é a iompar leat i ngach am le linn duit a bheith ag tiomáint
- Ní mór duit L-phlátaí a thaispeáint ar thosach agus ar chúl do chairr i ngach am agus tú ag tiomáint
- Ní mór duit deimhniú bailí árachais agat an clúdach ceart a bheith agat an fheithicil a thiomáint
- Ní féidir leat leantóir a tharraingt
- Ní féidir leat paisinéirí ar bith a iompar ar luaíocht
- Ní féidir leat a bheith ag gníomhú mar an tiománaí atá in éineacht le tiománaí faoi oiliúint.

# Do chead foghlaimeora gluaisrothair

Nuair a fhaigheann tú do chéad chead foghlaimeora do ghluaisrothar, ní mór duit cúrsa IBT (Bunoiliúint Tosaigh) a dhéanamh le Teagascóir IBT atá faofa ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Ní mór duit a bheith faoi stiúir theagascóir IBT ar an mbóthar i ngach am go dtí go dtabharfaí an deimhniú duit le tabhairt le fios go bhfuil IBT curtha i gcrích go sásúil agat.

Ina dhiaidh sin, cuirfidh do chead foghlaimeora ar do chumas a bheith ag tiomáint ar gach bóthar poiblí, ach amháin mótarbhealaí, leis an tslí gluaisrothar a thiomáint a fhoghlaim.

### Rialacha agus srianta

Tá na rialacha agus na srianta seo a leanas i bhfeidhm ar dhaoine a bhfuil chead foghlaimeora gluaisrothair acu:

- Ní mór duit an deimhniú go bhfuil IBT curtha i gcrích go sásúil agat agus cead foghlaimeora a iompar leat i ngach am agus tú ag foghlaim cén tslí gluaisrothar a thiomáint
- Ní mór duit tabard buí (veist) a bheith ort, a thaispeánann L-phláta ar thosach agus ar chúl
- Ní mór duit deimhniú bailí árachais a bheith agat
- Ní féidir leat paisinéirí cúlóige (paisinéirí ar chúl do ghluaisrothair) a iompar
- Ní mór duit a sheiceáil an bhfuil tú srianta ó thaobh gluaisrothar a thiomáint ag a bhfuil aschur cumhachta (kW) faoi leith.

# Iarratas a chur isteach chun an tríú cead foghlaimeora nó cead ina dhiaidh sin a fháil

Chun iarratas a chur isteach chun an tríú cead foghlaimeora nó cead ina dhiaidh sin a fháil, ní mór duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Fianaise gur cuireadh tástáil tiomána do charr nó do ghluaisrothar ort sa tréimhse dhá bhliain roimh d'iarratas

nó

- Fianaise faoi dháta tástála atá le teacht.

# Oiliúint le haghaidh do thástála

Más sealbhóir ar chead foghlaimeora do charr (catagóir B) nó do ghluaisrothar (catagóir AM, A1, A2 nó A) den chéad uair thú, beidh ort clár struchtúrtha oiliúna tiomána a chur i gcrích.

## Oiliúint do thiománaithe cairr faoi oiliúint

### Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT)

Is cúrsa oiliúna é EDT (Oiliúint Riachtanach Tiománaithe) a mhúineann scileanna bunúsacha tiomána duit. Tá sé

riachtanach do gach foghlaimeoir a fuair an chéad chead foghlaimeora ar an 4 Aibreán 2011 nó ina dhiaidh.

Tá 12 cheacht ar an iomlán le cur i gcrích sula mbeidh tú in ann tabhairt faoin tástáil. Gach uair a chuirfidh tú seisiún EDT (Oiliúint Riachtanach Tiománaithe) i gcrích, déanfaidh do ADI (Teagascóir Tiomána Faofa) na sonraí a uaslódáil ar an gcóras EDT. Cuireann sin ar a gcumas, ar chumas an RSA, agus ar do chumas féin cuntas a choinneáil ar cad é mar atá ag éirí leat agus le cinntiú go gcuirfear an clár iomlán i gcrích. Níl in EDT ach cuid den phróiseas foghlama. Beidh a lán cleachtaidh de dhíth ort le bheith i do thiománaí sábháilte.

Ní féidir leat tabhairt faoin tástáil go dtí go mbeidh an 12 cheacht riachtanacha críochnaithe agat.

**Díolúine ón ngá an 12 cheacht EDT ar fad a dhéanamh**
Má bhíonn ceadúnas iomlán bailí eachtrannach agat, d’fhéadfadh sé nach gá duit an 12 cheacht ar fad a dhéanamh. Le tuilleadh eolais a fháil ar EDT laghdaithe nó le foirm iarratais ar dhíolúine a íoslódáil, tabhair cuairt ar www.ndls.ie

# Oiliúint do thiománaithe gluaisrothair faoi oiliúint

**Bunoiliúint Tosaigh (IBT)**
Is cúrsa oiliúna é IBT (Bunoiliúint Tosaigh ) a mhúineann scileanna bunúsacha tiomána duit. Tá sé riachtanach do gach foghlaimeoir a fuair an chéad chead foghlaimeora do ghluaisrothar ar an 6 Nollaig 2010 nó ina dhiaidh.

Más tiománaí gluaisrothair faoi oiliúint (catagóir AM, A1, A2 nó A) thú, ní mór duit cúrsa IBT a cur i gcrích le teagascóir IBT atá faofa ag an RSA. Níl in IBT a chur i gcrích ach céim amháin agus tú ar d'aistear a bheith i do thiománaí sábháilte. Beidh a lán cleachtaidh de dhíth ort ar an mbóthar chomh maith.

Ní féidir leat tabhairt faoin tástáil go dtí go mbeidh an cúrsa IBT curtha i gcrích agat.

# Déan cinnte go bhfuil do theagascóir faofa ag an RSA

Déan cinnte gur Teagascóir Tiomána Faofa atá i do theagascóir tiomána (agus go bhfuil sé nó sí cláraithe faoi láthair leis an RSA). Is é atá i gceist le Teagascóir Tiomána Faofa ná teagascóir tiomána a bhfuil na caighdeáin atá socraithe ag an RSA bainte amach aige nó aici.
Leis an ADI is cóngaraí a aimsiú, tabhair cuairt ar www.rsa.ie

# Do thástáil a chur in áirithe

Is féidir leat do scrúdú a chur in áirithe ar **www.myroadsafety.ie**

### Beidh na rudaí seo de dhíth ort:

- Do chead foghlaimeora. Beidh ort d'uimhir thiománaí a sholáthar. Tá sin ar fáil ag 4(d) ar do chead foghlaimeora
- An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) atá agat
- Cárta bailí dochair nó creidmheasa (Visa nó Mastercard).

### Amanna feithimh tástálacha tiomána

Nuair atá do thástáil á cur in áirithe agat ar líne, feicfidh tú féilire a thaispeánfaidh na coinní ama atá ar fáil ag do rogha ionaid tástála. Beidh tú in ann ionaid eile a sheiceáil le feiceáil an bhfuil coinne níos luaithe ar fáil.

### Coinní tástála níos luaithe

Má bhíonn gá géar agat le do thástáil tiomána a dhéanamh, déanfaimid cibé rud is féidir linn a dhéanamh le cuidiú leat. Nuair a chuirfidh iarratasóirí eile a dtástálacha ar ceal, is féidir linn na coinní sin a chur ar fáil. Nuair atá do thástáil tiomána á cur in áirithe agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh a bheith curtha ar an eolas má chuirtear coinne níos luaithe ar fáil. Gheobhaidh tú fógra ansin má chuirtear coinne níos luaithe tástála ar fáil agus ansin beidh tú in ann logáil isteach ar myroadsafety.ie leis sin a fheiceáil agus le do thástáil tiomána a chur ar athlá.

### Fógra faoi áirithint na tástála tiomána

Nuair a bheidh do thástáil curtha in áirithe agat, cuirfear fógra áirithinte chugat a chuirfidh in iúl am, dáta agus ionad na tástála, in éineacht leis na coinníollacha ar gá cloí leo. Léigh an fógra sin go cúramach óir d'fhéadfadh sé go mbeidh sé ina chuidiú duit fadhbanna a sheachaint ag do thástáil. Tabharfaidh an fógra le fios duit freisin cén tslí an tástáil tiomána a chur ar ceal más gá duit sin a dhéanamh.

## Comhréitigh speisialta le linn do thástáil tiomána

Beidh ort an Rannóg um Thástáil Tiománaithe atá ag an RSA a chur ar an eolas roimh ré más fíor ceann ar bith de na rudaí seo a leanas i do chás:

- Má tá tú bodhar nó mura bhfuil an éisteacht go maith agat
- Má tá deacracht foghlama agat
- Má tá tú chuid gluaiseachtaí srianta nó má tá tú faoi mhíchumas a d'fhéadfadh cur isteach ar do chuid tiomána
- Má tá feithicil oiriúnaithe á tiomáint agat.

Déanfaidh sin a chinntiú nach gcuirfear moill ar bith ort ar lá do thástála.

Ba chóir duit a thabhairt faoi deara má tá an fheithicil a mbaineann tú úsáid aisti don tástáil oiriúnaithe le freastal ar mhíchumas (e.g. rialtáin bhreise a bheith ann), déanfar sin a thaifeadadh ar do cheadúnas iomlán tiomána.

## Ateangairí

Is féidir leat ateangaire a thabhairt leat go dtí an chéad chuid (ó bhéal) den tástáil, más fíor ceann ar bith de na rudaí seo i do chás:

- Níl Béarla agat
- Tá tú bodhar
- Níl an éisteacht go maith agat.

Is féidir leat a iarraidh ar an RSA ateangaire a eagrú duit ar www.rsa.ie nó muid a chur ar an eolas má bhíonn tú ag tabhairt ateangaire leat.

Ní mór don duine sin a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine agus níl cead ag an duine sin a bheith ina ADI (Teagascóir Tiománа Faofa). Ní féidir leis nó léi a bheith in éineacht leat ar an dara cuid (praiticiúil) den tástáil.

# Tabhairt faoi do thástáil

Tá seans ann go bhfuil imní ort faoi thabhairt faoin tástáil tiomána. Má bhíonn tú ar an eolas faoi cad é a bheidh romhat agus na bealaí is fearr le hullmhú, is féidir leis sin cuidiú leat thú féin a chur ar do shuaimhneas. Beidh tú in ann díriú isteach ar an tiomáint mar sin de.

**Cén tslí thú féin a ullmhú don tástáil:**
Is féidir leat na rudaí seo a leanas a dhéanamh le hullmhú do do thástáil:

- Staidéar a dhéanamh go grinn ar Rialacha an Bhóthair (ar fáil ar www.rsa.ie)
- Ceachtanna a fháil ó Theagascóir Tiomána Faofa (ADI)
- A lán cleachtaidh a fháil a bheith ag tiomáint ar bhóithre agus i gcoinníollacha tráchta de gach cineál, tiomáint san oíche san áireamh
- Cur le do thaithí agus muinín tiomána sula gcuirfidh tú do thástáil in áirithe, ach gan sin a dhéanamh ach nuair atá duine in éineacht leat a bhfuil ceadúnas iomlán bailí tiomána aige nó aici sa chatagóir chéanna le níos mó ná dhá bhliain
- Lámhleabhar an RSA do Thiománaithe faoi Oiliúint (ar fáil ó shiopaí leabhar) a léamh.

**Nuair atá tú ag cleachtadh, ba chóir duit na rudaí seo a leanas a sheachaint i gcónaí:**

- Bac a chur roimh thrácht gan chúis
- Tiomáint ar bhealaí gnóthacha, plúchta, tástála.

Déanfaidh sin turas níos fearr, níos sábháilte a chinntiú duitse agus d'úsáideoirí eile an bhóthair.

# Lá do thástála



Ar lá na tástála, ba chóir duit teacht chuig d'ionad roghnaithe tástála agus go leor ama agat. Má bhíonn tú mall, ní bheidh tú in ann tabhairt faoin tástáil agus caillfidh tú do tháille. Nuair a bhainfidh tú an t-ionad tástála amach, bí i do shuí sa láthair feithimh agus scairtfidh do thástálaí ort. Beidh ort do chead bailí foghlaimeora a chur ar fáil sula mbeifear in ann tús a chur le do thástáil.

Déanfaidh do thástálaí na rudaí seo a leanas a sheiceáil faoi do chead foghlaimeora:

- Gur leatsa agus ní le duine eile é
- Go bhfuil sé reatha agus bailí
- Go bhfuil sé sa chatagóir cheart don fheithicil ina bhfuil tástáil le cur ort.

Iarrfar ort na rudaí seo a leanas a dheimhniú:

- Gur leor an clúdach árachais atá ann
- Go bhfuil d'fheithicil ródacmhainneach.

### D'fheithicil

Déan cinnte go sásaíonn an fheithicil a chuireann tú i láthair ag do thástáil na riachtanais don chatagóir feithicle don tástáil sin. Tabharfar na riachtanais tástála duit nuair a gheobhaidh tú d'fhógra tástála. Cuimhnigh, ní mór do d'fheithicil a bheith ródacmhainneach.

### Do thástáil

Ní bheidh deacracht an-mhór ag baint leis an tástáil tiomána agus mairfidh sí idir 50 agus 100 nóiméad ag brath ar chatagóir na tástála.

**Beidh dhá chuid i do thástáil tiomána: tástáil ó bhéal agus tástáil phraiticiúil.**

Sa chuid ó bhéal, déanfar d'eolas ar na rudaí seo a leanas a thástáil:

- Rialacha an Bhóthair
- Comharthaí bóthair

Sa chuid phraiticiúil, déanfar d'eolas agus do chumas a thástáil i roinnt réimsí:

- Seiceálacha teicniúla – lena n-áirítear boinn, soilse, leibhéil ola
- Seiceálacha istigh sa charr – lena n-áirítear athruithe ar na suíocháin agus na scátháin
- Rialtáin thánaisteacha – lena n-áirítear niteoirí gaothscátha, cuimilteoirí, soilse
- Cúlú thart an coirnéal
- Ionramháil aischasta
- Tosú in éadan cnoic

Le linn duit a bheith ag tiomáint thart ar ocht gciliméadar i gcoinníollacha éagsúla bóthair agus tráchta, déanfar do chuid tiomána a mheas sna cásanna seo a leanas:

- Ag bogadh leat
- Tiomáint i dtrácht
- Stopadh – cúlú thart an coirnéal
- Tiontú, chun aghaidh a thabhairt sa treo eile
- Tosú ar chnoc
- Tosú in éadan cnoic

I measc na ngnéithe de do chuid tiomána a ndéanfar meas orthu, tá na rudaí seo a leanas:

- Suíomh ar an mbóthar
- Scoitheadh
- Fuireachas agus breathnóireacht
- Úsáid scáthán agus comharthaí
- Luas ag dul chun cinn
- Feidhmíocht de réir soilse tráchta, comharthaí bóthair agus marcáil
- Úsáid rialtán feithicle (luasaire, crág, giaranna, coscáin agus stiúradh).

### Tástáil ghluaisrothair

Déanfaidh do thástáil ghluaisrothair na rudaí seo a leanas a mheas freisin:

- Go bhfuil a fhios agat an tslí le do gluaisrothar a bhaint ón seastán go sábháilte
- Go bhfuil a fhios agat an tslí le do chlogad a shocrú
- Go bhfuil tú in ann ionramháil choscánaithe a thaispeáint
- Go bhfuil tú in ann an ionramháil ‘seachain an bac’ a thaispeáint
- Go bhfuil a fhios agat cén tslí do bhoinn, soilse, frithchaiteoirí, táscairí, ola innill, fuarthán, leacht glantóra gaothscátha, stiúradh, coscáin, bonnán, slabhra agus lasc stop éigeandála a sheiceáil má tá siad feistithe.



### Tástáil i gcarr uathghiarála

Má dhéanann tú do thástáil i gcarr uathghiarála agus má éiríonn leat, ní thabharfaidh do cheadúnas cead duit ach carr uathghiarála a thiomáint. Bheadh ort tástáil eile tiomána a dhéanamh agus pas a fháil sa tástáil sin le bheith cáilithe carr lámhghiarála a thiomáint.

### Rudaí le bheith ar an eolas fúthu má tá tástáil á cur ort do bhus, feithicil throm nó feithicil ag a bhfuil leantóir

Má tá tú ag tabhairt faoi thástáil tiomána do bhusanna, ba chóir na rudaí seo a leanas a bheith ar eolas agat:

- Cén tslí comhla stoptha an bhreosla agus an phríomhlasc chumhachta a oibriú
- Cén tslí doirse ar bith atá feistithe den bhus atáthar á gcumhachtú a oscailt agus a dhúnadh de láimh.

Má tá tú ag tabhairt faoi thástáil tiomána d'fheithicil throm, ba chóir na rudaí seo a leanas a bheith ar eolas agat:

- Cén tslí na córais coscánaithe agus stiúrtha cumhachtchúnta a sheiceáil
- Cén tslí aon mhoillitheoir nó coscán sceithphíoba atá feistithe den fheithicil a úsáid.

Má tá tú ag tabhairt faoi thástáil tiomána d'fheithicil agus leantóir, ba chóir na rudaí seo a leanas a bheith ar eolas agat:

- Cén tslí an leantóir a dhíchúpláil ón bhfeithicil nó a athchúpláil den fheithicil tarraingthe.



# Comhairle chabhrach don tástáil

### Imní a bheith ort

D'fhéadfá a bheith neirbhíseach ar lá do thástála. Ná bí buartha, tá sé iomlán nádúrtha a bheith neirbhíseach. Tuigeann do thástálaí é sin agus déanfaidh sé nó sí thú a chur ar do shuaimhneas.

### Do thástálaí

Ní hionann do thástálaí agus do theagascóir. Murab ionann agus do theagascóir, ní bheidh do thástálaí in ann tú a spreagadh le linn na tástála, ná comhairle a chur ort. Beidh do thástálaí iomlán dírithe ar threoracha a thabhairt duit agus an tslí a n-éiríonn leat a mheas. Is amhlaidh sin le cinntiú go ndéantar gach tástáil a mheas go cothrom.

### Níl ort ach iarraidh

Tabharfaidh do thástálaí treoracha soiléire duit le linn na tástála. Má tharlaíonn sé nach dtuigeann tú rud ar bith le linn na tástála, níl le déanamh agat ach a iarraidh ar do thástálaí é a rá arís. Beidh do thástálaí breá sásta an treo a shoiléiriú duit. Ná déan dearmad nach gcuirfidh sin isteach ar dhóigh dhiúltach ar do thoradh.

### Botúin a dhéanamh

Déanaimid go léir botúin ó am go chéile. Má dhéanann tú botún le linn na tástála, ná bí buartha faoi. D'fhéadfadh sé gur locht tiomána nach bhfuil chomh tromchúiseach sin atá ann agus d'fhéadfadh sé nach gcuirfidh sé isteach ar do thoradh.

### Paisinéirí

Ní féidir paisinéirí ar bith, seachas an tástálaí, a bheith in éineacht leat le linn na tástála. D'fhéadfadh oifigeach de chuid an RSA teacht in éineacht le do thástálaí ar chúiseanna a bhaineann le hoiliúint agus maoirseacht. Ní bheidh sé nó sí páirteach sa tástáil féin, áfach.

# Cúiseanna coitianta nach n-éiríonn le daoine

**Ar na cúiseanna is coitianta nach n-éiríonn le tiománaithe cairr faoi oiliúint tá na rudaí seo a leanas:**

- Breathnuithe easnamhacha ag bogadh leo, ag acomhail, ag timpealláin, agus nuair atá siad ag bogadh ó lána go lána eile
- Gan gníomhartha tiománaithe eile a mheas roimh ré
- A bheith ag tiomáint sa suíomh mícheart bóthair nuair atá an bóthar díreach, ar na corthaí, ag tiontú ar chlé, ag tiontú ar dheis, ag timpealláin agus nuair atá scoitheadh ar bun
- Dul chun cinn easnamhach ag acomhail, ag timpealláin, nuair atá an bóthar díreach, agus nuair atá scoitheadh ar bun
- Úsáid mícheart, easnamhach nó míchuí scáthán agus comharthaí
- Neamhchomhlíonadh rialtán tráchta (e.g. comharthaí agus marcáil bóithre, agus soilse tráchta)
- Úsáid mícheart, easnamhach nó míchuí rialtán feithicle, lena n-áirítear giaranna, crág, luasaire, stiúradh, coscán láimhe, coscán coise, agus rialtáin thánaisteacha

- Luas iomarcach do na coinníollacha bóthair nó tráchta
- Gan slí a ghéilliúint do cheart slí daoine eile
- Gan a bheith cumasach in ionramháil an chúlaithe agus san ionramháil aischasta.

**Ar na cúiseanna is coitianta nach n-éiríonn le tiománaithe gluaisrothair faoi oiliúint, tá na rudaí seo a leanas:**

- Gan U-chasadh a dhéanamh mar is ceart
- Rialú easnamhach ar luas íseal
- Breathnuithe easnamhacha ar chúl
- Comharthaí míchearta nó easnamhacha láimhe
- Easpa cumais in ionramhálacha faoi leith.

Níl an liosta cúiseanna thuas cuimsitheach ar chóir ar bith.

**Cén tslí botúin a sheachaint**

Is féidir leat gan botúin a dhéanamh i do thástáil:

- Má dhéanann tú staidéar ar Rialacha an Bhóthair go cúramach (ar fáil ar www.rsa.ie)
- Má fhaigheann tú neart cleachtaidh a bheith ag tiomáint i gcineálacha bóthair agus i gcoinníollacha tráchta de gach cineál, a fhad is go bhfuil duine a bhfuil ceadúnas iomlán bailí tiomána aige nó aici sa chatagóir chéanna le tréimhse níos faide ná dhá in éineacht leat an t-am ar fad.

# Do thoradh

**Mura n-éiríonn leat**

Mura n-éiríonn leat i do thástáil tiomána tabharfaidh do thástálaí ráiteas ar thoradh na tástála tiomána duit. Míneoidh sé nó sí na príomhphointí a bheidh in ann cuidiú leat díriú isteach ar réimsí le cleachtadh a dhéanamh orthu agus iad a fheabhsú sula dtabharfaidh tú faoin tástáil tiomána arís.

Má chreideann tú nár cuireadh an tástáil ar bun ar bhonn cothrom, is féidir leat achomharc oifigiúil a thaisceadh sa Chúirt Dúiche faoi Alt 33 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961. Má fhaigheann an chúirt nár cuireadh do thástáil ar bun go cuí, déanfar tástáil eile a thairiscint duit saor in aisce. Má bhíonn tú míshásta leis an tslí ar cuireadh do thástáil tiomána ar bun, is féidir leat foirm ar líne a líonadh chun gearán a dhéanamh ar www.rsa.ie

### Má éiríonn leat i do thástáil tiomána

Má éiríonn leat i do thástáil tiomána, tabharfaidh to thástálaí deimhniú inniúlachta duit. Labhróidh sé nó sí leat faoi na codanna sin den tástáil ar chóir duit feabhas a chur orthu go fóill. Beidh sin ina chuidiú duit a bheith i do thiománaí níos sábháilte, níos inniúla.

Ba chóir duit iarratas a chur isteach ar cheadúnas iomlán tiomána taobh istigh de dhá bhliain ón dáta a bhfaigheann tú pas sa tástáil, agus ní mór duit N-phlátaí a thaispeáint ar fheithicil ar bith a thiomáineann tú ar feadh dhá bhliain ó bhaineann tú an cháilíocht amach.

Cuimhnigh, go dtí go mbeidh do cheadúnas iomlán tiomána agat, ní féidir leat tiomáint ach amháin nuair atá duine eile leat a bhfuil ceadúnas iomlán bailí aige nó aici sa chatagóir chéanna le dhá bhliain ar a laghad.

## Dá fheabhas thú mar thiománaí, is sábháilte a bheidh ár mbóithre duitse agus do gach dhuine.



RSA MyRoadSafety.ie

D'acmhainn ar líne chun do chuid eolais tiománaí go léir a láimhseáil go héasca agus go sábháilte, idir sheirbhísí, scrúduithe, cheadanna agus cheadúnais.

Údaras Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc
an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 V6E4.

Moy Valley Business Park, Primrose Hill,
Dublin Road, Ballina, Co. Mayo, F26 V6E4.

Íosghlao: 1890 40 60 40 Teil.: (096) 25 000
Ríomhphost: info@rsa.ie Láithreán gréasáin: www.rsa.ie

RSA MyRoadSafety.ie

D'acmhainn ar líne chun do chuid eolais tiománaí go léir a láimhseáil go héasca agus go sábháilte, idir sheirbhísí, scrúduithe, cheadanna agus cheadúnais.